



An Bhruiséil, 19 Feabhra 2026  
(OR. en)

6517/26

**AGRILEG 35**  
**PHYTOSAN 9**  
**DELACT 36**  
**AGRI 133**

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Feabhra 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 85 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an gcumhacht atá tarmligthe chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil le bearta i gcoinne lotnaidí plandaí (Dlí maidir le Sláinte Plandaí)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 85 final.

Faoi iamh: COM(2026) 85 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 18.2.2026  
COM(2026) 85 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gcumhacht atá tarmligthe chuig an gCoimisiún chun gníomhartha  
tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil le bearta i gcoinne  
lotnaidí plandaí (Dlí maidir le Sláinte Plandaí)**

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir leis an gcumhacht atá tarmligthe chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil le bearta i gcoinne lotnaidí plandaí (Dlí maidir le Sláinte Plandaí)**

## 1. RÉAMHRÁ

Glacadh Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí ('Dlí maidir le Sláinte Plandaí')<sup>1</sup> in 2016. Tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm an 15 Samhain 2016 agus tá feidhm aige ón 14 Nollaig 2019.

Cuirtear an Rialachán seo in ionad cúig Threoir i ndáil le sláinte plandaí agus déantar foráil ann maidir le cur chuige atá rioscabhunaithe agus níos réamhghníomhaí maidir le cosaint fiteashláintíochta chríoch an Aontais. Foráiltear leis suirbhéanna ar láithreachtaí lotnaidí, brath agus fógairt ráigeanna agus idircheapadh na ráigeanna in am tráthúil, rialacha mionsonraithe i ndáil le díothú agus srianadh, rangú tosaíochta na lotnaidí, planáil theagmhasach, cleachtaí ionsamhlúcháin, rialacha allmhairiúcháin níos déine, deimhniú comhchuíbhithe, chomh maith le cur chuige níos solúbtha lena ligfear d'oibreoirí gairmiúla aon deimhniúchán a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil na n-údarás inniúil. Comhlánaítear agus tacaítear leis an gcóras nua trí na rialacha a bhaineann le rialuithe oifigiúla a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2017/625<sup>2</sup>.

De réir fhorálacha an Rialacháin (AE) 2016/2031, cumhachtaítear don Choimisiún líon mór gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ghlacadh. Leis an Rialachán, forchuirtear an oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na gcomhrechtóirí maidir leis an tarmligean cumhachta a thugtar dó.

## 2. BUNÚS DLÍ

Tá an tuarascáil seo ina ceanglas faoi Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 2016/2031. De bhun na forála sin, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj>).

<sup>2</sup> Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj>).

maidir leis na hábhair a liostaítear inti do thréimhse 5 bliana ón 13 Nollaig 2016 agus ní mór don Choimisiún tuarascáil a ullmhú maidir leis an gcumhacht tarmligthe 9 mí ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

Thíolaic an Coimisiún an chéad tuarascáil ar an 27 Iúil 2021.<sup>3</sup> Tagraíonn an tuarascáil seo don dara tréimhse thuairiscithe, is é sin an ceann ón 13 Márta 2021 go dtí an 13 Márta 2026.

De réir an Airteagail sin, tugtar don Choimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(2), Airteagal 7, Airteagal 8(5), Airteagal 19(7), Airteagal 21, Airteagal 32(5), Airteagal 34(1), Airteagal 38, Airteagal 43(2), Airteagal 46(2), Airteagal 48(5), Airteagal 51, Airteagal 65(4), Airteagal 71(4), Airteagal 76(4), Airteagal 81(2), Airteagal 83(6), Airteagal 87(4), Airteagal 89(2), Airteagal 96(2), Airteagal 98(1), Airteagal 99(1), Airteagal 100(4), Airteagal 101(5) agus Airteagal 102(6) den Rialachán sin.

Leagtar síos le hAirteagal 105(2) den Rialachán sin go ndéanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse, agus luaitear in Airteagal 105(3) go bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith.

### 3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Le linn na tréimhse tuairiscithe, is é sin idir an 13 Márta 2021 agus an 13 Márta 2026, d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe trí na gníomhartha tarmligthe seo a leanas a ghlacadh:

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1456 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena mbunaítear maolú ar Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le hallmhairiú ábhar pacáistíochta adhmaid i bhfoirm boscaí armlóin, ábhar atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi rialú Roinn Cosanta na Stát Aontaithe, agus a monaraíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2007<sup>4</sup>.
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2404 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe le haghaidh na suirbhéanna ar lotnaidí coraintín na geriosanna cosanta agus lena n-aisghairtear Treoir 92/70/CEE ón gCoimisiún<sup>5</sup>.

Faoin am seo, tá 7 as na 27 gcumhachtú úsáidte ag an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/2031. Cuireadh roinnt cumhachtaí tarmligthe le chéile in aon ghníomh tarmligthe amháin ina bhfuil na rialacha nasctha go substaintiúil le chéile. I roinnt cásanna, measadh gur ghá na cumhachtaí tarmligthe a chur le chéile in aon ghníomh amháin, seachas i roinnt gníomhartha crostagartha ar

---

<sup>3</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an gcumhacht atá tarmligthe chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil le bearta i gcoinne lotnaidí plandaí (Dlí maidir le Sláinte Plandaí), <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0425>.

<sup>4</sup> IO L 229, 5.9.2022, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_del/2022/1456/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1456/oj).

<sup>5</sup> IO L 317, 9.12.2022; ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg\\_del/2022/2404/oj](http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2404/oj).

leithligh, ar mhaithe le simpliú, trédhearcacht, chun cur i bhfeidhm na rialacha a éascú agus chun dúbláil a sheachaint.

Thairis sin, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar gach cumhachtú maidir le gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur feidhme a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2016/2031 mar chuid den chuspóir foriomlán atá aige chun bearta agus reachtaíocht AE a shimpliú.

Léirítear sa tábla thíos na gníomhartha ina bhfuil na bearta sonracha arna nglacadh faoi na cumhachtuithe ábhartha i Rialachán (AE) 2016/2031.

Gníomh Tarmligthe	Cumhachtuithe i Rialachán (AE) 2016/2031
Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/827 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 maidir le critéir atá le comhlíonadh ag na hoibreoírí gairmiúla chun na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 89(1) pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh agus nósanna imeachta chun a áirithiú go gcomhlíonfar na critéir sin.	Airteagal 89(2)
Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/829 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena n-údaráítear na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le maoluithe sealadacha i bhfianaise tástáil oifigiúil, críocha eolaíocha nó oideachais, trialacha, roghnúcháin chineáil, nó pórú.	Airteagail 8(5) agus 48(5)
Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta na lotnaidí tosaíochta a bhunú.	Airteagal 6(2)
Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1456 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena mbunaítear maolú ar Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le hallmhairiú ábhar pacáistíochta adhmaid i bhfoirm boscaí armlóin, ábhar atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi rialú Roinn Cosanta na Stát Aontaithe, agus a monaraíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2007. (nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh)	Airteagal 43(2)
Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2404 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2022 lena	Airteagal 32(5) agus Airteagal 34(1)

bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha mionsonraithe a leagan síos le haghaidh na suirbhéanna ar lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta agus lena n-aisghairtear Treoir 92/70/CEE ón gCoimisiún.	
---	--

Níor úsáideadh cumhachtuithé áirithe Rialachán (AE) 2016/2031 le linn na tréimhse tuairiscithe ar na cúiseanna a mhínítear thíos:

- Go dtí seo, níor úsáideadh na cumhachtuithé faoi Airteagail 7, 21, 38, 51, 71(4), 83(6), 100(4), 101(5), agus 102(6) maidir leis na leasuithe ar Mhír 1 agus ar Mhír 4 d'Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III, Iarscríbhinn IV, Cuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn V, Iarscríbhinn VII agus Cuid A, Cuid B agus Cuid C d'Iarscríbhinn VIII d'fhonn iad a oiriúnú don fhorbairt ar eolas teicniúil agus eolaíoch agus do chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an ngá lena n-úsáid, áfach, a luaithé agus a bheidh ann d'aon uasdátú ar eolas teicniúil agus eolaíoch nó ar na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha.
- Mar sin, go dtí seo níor úsáideadh cumhachtú Airteagal 19(7) maidir le sonrú na lotnaidí dá dtagraítear i bpointe (a) faoi mhír 6 an Airteagail sin agus i bpointe (b) faoi Airteagal 16 chomh maith leis na coinníollacha a bhaineann le cur i bhfeidhm na ndíolúintí a leagtar amach ansin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú, áfach, ar an ngá le gníomhú sa chaoi sin i bhfianaise na taithí ar chur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha a bhaineann leis an Dlí maidir le Sláinte Plandaí tríd an ualach riaracháin a laghdú ar oibreoirí gnólachtaí.
- Níor úsáideadh na cumhachtuithé in Airteagal 46(2) maidir le huasleithead criosanna teorann tríú tír agus criosanna teorann Ballstáit, de réir mar a bhaineann leis na plandaí sonracha, táirgí plandaí agus réada eile, uasmhéid gluaiseachta plandaí, táirgí plandaí agus réada eile lena mbaineann laistigh de chriosanna teorann tríú tír agus criosanna teorann Ballstáit; agus na nósanna imeachta a bhaineann le húdarú plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach agus a ghluaiseacht laistigh de chriosanna teorann an Bhallstáit. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le gníomhú i ndáil leis sin i bhfianaise na taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm praiticiúil rialacha an Dlí maidir le Sláinte Plandaí.
- Go dtí seo níor úsáideadh na cumhachtuithé a bhaineann le hAirteagal 65(4) maidir le i) tuilleadh catagóirí d'oibreoirí gairmiúla atá le díolmhú ó chur i bhfeidhm mhír 1 den Airteagal sin a chur leis, i gcás ina mbeadh an clárú sin ina ualach riaracháin díréireach dóibh i gcomparáid leis an riosca íseal lotnaide a bhaineann lena ngníomhaíochtaí gairmiúla; ii) riachtanais shonracha maidir le clárú catagóirí áirithe oibreoirí gairmiúla agus lena gcuirtear san áireamh cineál an ghnímh nó an phlanda, na táirge planda nó aon réad ábhartha eile agus iii) uasmhéideanna cainníochta plandaí sonracha, táirgí plandaí nó réad eile a leagan amach, dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá le gníomhú sa chaoi sin i bhfianaise na taithí ar chur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha a bhaineann leis an Dlí maidir le Sláinte Plandaí d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú ar oibreoirí gnólachtaí.
- Níor úsáideadh cumhachtú Airteagal 76(4) maidir leis na coinníollacha glactha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír sin d'fhonn inchreidteacht dheimhnithe

fiteashláintíochta. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le gníomhú i ndáil leis sin i bhfianaise na taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm praiticiúil rialacha an Dlí maidir le Sláinte Plandaí.

- Níor úsáideadh cumhachtú Airteagal 81(2) maidir le cásanna a leagan amach i ndáil le plandaí, táirgí plandaí nó réada áirithe eile, cásanna nach mbeidh feidhm ag eisceacht mhír 1 den Airteagal maidir leo ach amháin maidir le cainníochtaí beaga. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le gníomhú i ndáil leis sin i bhfianaise na taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm praiticiúil rialacha an Dlí maidir le Sláinte Plandaí.
- Níor úsáideadh cumhachtú Airteagal 87(4) maidir le bearta mionsonraithe a bhaineann le scrúdú amhairc, sampláil agus tástáil, agus minicíocht agus uainiú na scrúduithe, dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal sin i ndáil le plandaí, táirgí plandaí agus réada áirithe eile, bunaithe ar na rioscaí lotnaide sonracha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le gníomhú i ndáil leis sin i bhfianaise na taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm praiticiúil rialacha an Dlí maidir le Sláinte Plandaí.
- Níor úsáideadh cumhachtú Airteagal 96(2) maidir leis na riachtanais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal sin d'fhonn iad a chur in oiriúint d'fhorbairt na gcaighdeán idirnáisiúnta agus go háirithe do CIBF15. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an ngá le gníomhú i ndáil leis sin, áfach, a luaithe agus a bheidh ann d'aon uasdátú ar eolas teicniúil agus eolaíoch nó ar na caighdeán idirnáisiúnta ábhartha.
- Níor úsáideadh cumhachtú Airteagal 98(1) maidir le sonrú na riachtanas a bhaineann le húdarú na n-oibreoirí cláraithe a chuireann marc ar ábhar pacáistíochta adhmaid, de réir mar a bhaineann, i bhfianaise fhorbairt an eolais theicniúil agus eolaíoch agus na gcaighdeán idirnáisiúnta. Ba cheart don Choimisiún fós a bheith in ann é a úsáid, áfach, a luaithe agus a bheidh ann d'aon uasdátú ar eolas teicniúil agus eolaíoch nó ar na caighdeán idirnáisiúnta ábhartha.
- Níor úsáideadh cumhachtú Airteagal 99(1) maidir leis na riachtanais a bhaineann leis an i) údarú d'oibreoirí gairmiúla a mhéid a bhaineann le heisiúint na bhfianuithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 99(1); ii) maoirsiú na n-oibreoirí gairmiúla, ag na húdaráis inniúla, dá dtagraítear i bpointe (a) faoi Airteagal 99(2) agus iii) údarú dá dtagraítear i bpointe (a) faoi Airteagal 99(2) a aisghairm. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le gníomhú i ndáil leis sin i bhfianaise na taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm praiticiúil rialacha an Dlí maidir le Sláinte Plandaí.

#### **4. CONCLÚID**

Measann an Coimisiún gur gá síneadh a chur le gach ceann de na cumhachtuithe in Airteagal (AE) 2016/2031 chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh mar a fhoráiltear sa Rialachán sin thar an tréimhse 5 bliana atá ann faoi láthair. Beidh gá ann i gcónaí maidir leis an riachtanas chun rialacha a fhorbairt bunaithe ar na cumhachtuithe sin amach anseo. Beidh sé oiriúnach na rialacha sin a leasú go tráthrialta i bhfianaise na gcaighdeán eolaíoch is déanaí agus chun ligean don Choimisiún gníomhú i réimsí nár ghníomhaigh sé iontu go fóill ach ina bhféadfadh gá a bheith leis sin amach anseo.